# TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

## GP2/103

Galway County Council Archives

Na Forbaċa GP2/103
Gaillimh
16/4/50

A Ṫomáis Aċara,

Seo í an ṁóid a ḃíoḋ againn a' taḃairt daoine isteaċ san I.R.B. — “Mionnuiġim ⁊ móidim le Dia Uile-Ċumaċtaċ go ndéanfa mé mo ċroiḋe dícill le Éire a ṡaoraḋ ó smaċt na nGall, go mbeiḋ mé dílis do ṗríoṁ riaġlaċa an Ċumainn, go nglacfaḋ comhairle Bun-Riaġlaċais Ċumann Saorṫa na h-Éireann, agus naċ sceiṫfeaḋ rún ar biṫ a ḃaineas leis, agus go neartuiġiḋ Dia mé ċuige sin.”

Ní ċuimhniġim igceart ar an móid a' sgaoileaḋ daoine as an gCumann, mar ní ṡílim go raiḃ gáḋ dom ariaṁ aonduine a scaoileaḋ as, aċ measaim go mbeaḋ sí mar seo:– “Mionnuiġim ⁊ móidim le Dia Uile-Ċumaċtaċ naċ leigfe mé le duine ar biṫ aon eolas a fuair mé de ḃarr a ḃeiṫ im ḃall de Ċumann Saorṫa na h-Éireann, agus go neartuiġiḋ Dia mé ċuige sin”

Ní cuimhneach liom go raibh aon ainm ar leith agaibh do Centre. Dhéanfadh 'Ceannaraidhe' b'féidir.

Go n-éirighidh go geal leat.

Do chara
Mícheál Ó Broighneáin